




# Rúnaithe Cuideachta

A ndualgais agus a gcumhachtaí



## Treoir thapa



Oifig an Stiúrthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement



## Réamhrá

Tháirgeamar an leabhrán eolais seo chun ról rúnaí cuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí a mhíniú.

## Céard is rúnaí cuideachta ann?

Caithfidh rúnaí cuideachta a bheith ag gach cuideachta.

Is é a bpríomhról ná:

- teoracha an stiúrtóra a chur i gcrích;
- cuidiú lena chinntiú go ngéilleann an chuideachta don dlí agus dá rialacha bunreacha féin; agus;
- doiciméid na cuideachta comhlachaithe a ullmhú agus a choinneáil.

## Cé is féidir a bheith ina rúnaí cuideachta?

Caithfidh rúnaí cuideachta de chuideachta theoranta phoiblí cáilíochtaí nó taithí ábhartha a bheith acu (íosmhéid 3 bliana de thaithí mar rúnaí cuideachta nó cáilíocht ó Institiúid na Rúnaithe & na Riarthóirí Cairte (ICSA)). I gcineálacha eile cuideachtaí, ba chóir do dhaoine iad féin a chur ar an eolas faoi dhualgais agus faoi fhreagrachtaí rúnaí cuideachta sula ngníomhaíonn siad mar rúnaí cuideachta. Is féidir le cuideachta cuideachta eile a cheapadh le gníomhú mar rúnaí cuideachta.

Leis an bpobal a chosaint, ní féidir le roinnt daoine a bheith ina rúnaithe cuideachta ag tráthanna áirithe. Tá cosc ar fhéimhígh ó bheith ina rúnaí cuideachta fad a mhaireann a bhfiacha gan íoc nó go dtí go saorfaidh cúirt iad ó na fiacha sin a íoc. D'fhéadfaí daoine a fhaigheann an chúirt ciontach i gcalaois nó mí-iompar tromchúiseach a dhícháiliú ó ghníomhú mar rúnaí cuideachta ar feadh tréimhse áirithe. Má rinne an chúirt cinneadh go bhfuil duine ciontach as a bheith mí-ionraic nó mífhreagrach i gcuideachta ar theip uirthi a fiacha a íoc, d'fhéadfadh an chúirt srian a chur orthu. Ní féidir le daoine a bhfuil srian air/uirthi gníomhú ach i gcuideachtaí áirithe ina bhfuil méid suntasach airgid dílsithe ag na comhaltaí. Maireann srianta ar feadh tréimhse cúig bliana de ghnáth.

## Cén dóigh a ndéantar rúnaí cuideachta a cheapadh?

Caithfidh an chéad rúnaí cuideachta a dtoiliú scríofa maidir le gníomhú mar rúnaí a thabhairt. De ghnáth, ceapann na stiúrthóirí na rúnaithe cuideachta ionadacha. Gníomhóidh stiúrthóir mar rúnaí cuideachta go minic.

## Cad iad príomhdhualgais an rúnaí cuideachta?

### Nochtadh

Nuair a cheaptar rúnaithe cuideachta, caithfidh siad a n-ainm, a seoladh agus sonraí faoi scaireanna nó bintiúir (cineál d'iasacht) sa chuideachta nó i gcuideachtaí lena mbaineann ina bhfuil leas acu a thabhairt don chuideachta. Fad a bheidh siad ag fónamh mar rúnaí, ba chóir dóibh athruithe ar bith ar an bhfaisnéis seo a chur in iúl go pras.

## Dualgais riaracháin

Tá dualgais riaracháin thábhachtacha ag an rúnaí cuideachta agus is dóchúil go gcuimseoidh siad:

- cláir na cuideachta a choinneáil lena n-áirítear cláir na gcomhaltaí, na stiúrthóirí agus na rúnaithe agus leasanna na stiúrthóirí agus na rúnaithe;
- cruinnithe ginearálta bliantúla agus urghnácha a eagrú agus doiciméid na gcruinnithe sin a scaipeadh ar chomhaltaí;
- cruinnithe an bhoird agus fhochoistí an bhoird a eagrú agus a chinntiú go bhfuil na páipéir ag na stiúrthóirí atá de dhíth orthu chun na ceistanna a bhíonn le plé a bhreathnú;
- miontuairiscí chruinnithe ginearálta na cuideachta agus chruinnithe an bhoird agus a fhochoistí a ullmhú;
- cláir, leabhar miontuairiscí agus doiciméid chomhchosúla eile a chur ar fáil lena n-íniúchadh ag an mbord agus an bpobal;
- faisnéis agus doiciméid nuashonraithe a chur chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) agus chuig comhlachtaí eile in am;
- fógraí dlíthiúla a fhoilsiú sna meáin;
- cumhdach shéala na cuideachta a choinneáil; agus
- tacaíocht riaracháin agus dhlíthiúil a sholáthar do na stiúrthóirí.

## Dualgais dhlíthiúla

Ní mór don rúnaí cuideachta, in éineacht le stiúrthóir amháin nó níos mó:

- tuairisceán bliantúil na cuideachta a chomhlánú, a shíniú agus a chur chuig an CRO;

- a dheimhniú gur fíorchóipeanna de na ráitis airgeadais bhunaidh iad na ráitis airgeadais atá ceangailte leis an tuairisceán bliantúil; agus
- an ráiteas ar shócmhainní agus dhliteanas na cuideachta a fhóru má bhíonn an chuideachta faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht.

## Caighdeáin

Ní mór do rúnaithe cuideachta gníomhú leis an gcúram, leis an scil agus leis an dúthracht dhlite ar mhaithe leis an gcuideachta agus a comhaltaí. Is féidir pionós a chur ar rúnaithe cuideachta má fhaightear gur sháraigh siad nó an chuideachta Achtanna na gCuideachtaí. Is féidir an rúnaí cuideachta a chur faoi dhliteanas i leith caillteanas ar bith a tharlódh de bharr a bhfaillí féin.


## Cad iad cumhachtaí an rúnaí cuideachta?

Tá sé de chumhacht ag rúnaí cuideachta conarthaí a dhéanamh thar ceann na cuideachta mar chuid dá gnáthdhualgais riaracháin. Má thugann na stiúrthóirí a gcomhthoiliú, is féidir leis an rúnaí cuideachta conarthaí a dhéanamh lasmuigh dá ngnáthréimsí údaráis.

## Conclúid

Tá leabhrán eolais níos mionsonraithe ar rúnaithe cuideachta ar fáil faoin bhFógra Cinnidh D/2002/1 ó [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie).





Oifig an Stiúrthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas eile:



**Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

16 Cearnóg Pharnell  
Baile Átha Cliath 1, Éire



01 858 5800  
Loghlao 1890 315 015



01 858 5801



info@odce.ie



www.osfc.ie